# Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán 2013

24

37

105

125

34

19

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

## Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| 1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 1 |
| 2. Príomhfhorbairtí in 2013 | 3 |
| 3. Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte | 7 |
| 4. Airgeadas | 7 |
| 5. Deimhniú Scannán Pictiúrlainne | 9 |
| 6. Deimhniú Físeán/DVDanna | 11 |
| 7. Ceadúnais a Eisíodh | 11 |
| 8. Foireann | 13 |

Frances Fitzgerald,
an tAire Dlí agus Cirt
agus Comhionannais

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán do 2013 a chur i láthair de réir mar atá forordaithe ag Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Bhí laghdú ar an ngnó sa bhliain faoi athbhreithniú i gcomparáid le blianta roimhe sin. Tá sé sin ag teacht leis an taithí atá againn thar roinnt blianta. Tagann an laghdú sin as aighneachtaí as an bhfás leantach ar ábhar siamsaíochta baile a shruthú agus a íoslódáil. Mar sin féin, tá áthas orm a rá go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh ag cur fhormhór na dteideal mórshrutha chuig an IFCO lena n-aicmiú beag beann ar an modh seachadta. Is ionann sin agus vóta muiníne ónár gcliaint ghnó as an tseirbhís aicmithe a chuirimid ar fáil chun cabhrú leis an bpobal, agus le tuismitheoirí/caomhnóirí go háirithe, roghanna féachana eolacha a dhéanamh.

Bhí méadú beag ar na scannáin phictiúrlainne a aicmíodh go 344 scannán, agus bhí laghdú ar DVDanna go 4,336 DVD ar na cúiseanna a luaitear thuas.

B’ionann an t-ioncam agus €1.922 milliún, rud a léiríonn tréchur níos ísle na n-aighneachtaí DVD.

Mar a luaigh mé i dTuarascáil 2012, chuireamar tús lenár dtaighde inmheánach ar dhearcthaí agus ar thuairimí an tomhaltóra maidir lenár gcuid oibre ag an IFCO le linn 2013. Dhírigh sé sin ar thuismitheoirí/chaomhnóirí na leanaí bunscoile agus postáladh na torthaí ar ár suíomh Gréasáin. Chomh maith leis sin, chuireamar tús leis an dara tráinse taighde ina ndíreofar ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí na ndaltaí iar-bhunscoile.

Le linn 2013, ní dhearnadh aon chinntí a achomharc chuig an mBord Achomhairc Aicmithe Scannán.

Is oth liom a rá go bhfuair Tony Stapleton agus Tom Fitzgerald, beirt dár gcomhghleacaithe mar Aicmitheoirí Cúnta, bás le linn na bliana. Is mór a chronaítear an méid a chuir siad leis agus, níos tábhachtaí fós, a gcairdeas.

Mar chríoch, ba mhaith liom m’fhíorbhuíochas a ghabháil leis an méid a rinne an fhoireann d’Aicmitheoirí Cúnta, Mary Ita O’Sullivan, Bainisteoir na hOifige, mo Chomhghleacaithe Státseirbhíse ag an IFCO agus le John Laffin agus lena chomhghleacaithe ag Rannóg Rialachais Shibhialta na Roinne freisin.

Is mise le meas,

Ger Connolly
An Stiúrthóir Aicmithe Scannán Gníomhach

IFCO

“Radhairc scanrúla an-bhog.”

(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Frozen ar shuíomh Gréasáin an IFCO)



Frozen

Stiúrthóir: Chris Buck, Jennifer Lee

G

## Príomhfhorbairtí in 2013

**Gníomhaíocht Oibriúcháin**
Ba é 344 an líon iomlán de phríomhscannáin phictiúrlainne a deimhníodh le linn 2013, sin méadú beag ó 2012.

Ar an iomlán, ba é 4,336 an líon iomlán DVDanna a deimhníodh, sin laghdú de thuairim is 8% ó 2012. Mar a luadh i dtuarascáil 2012, is é leathnú leantach an tionscail físe ar éileamh is cúis pháirteach leis an laghdú. Mar a sonraíodh i dtuarascálacha roimhe seo, áfach, tá éileamh á dhéanamh ag dáileoirí go fóill go n-aicmítear ábhar laistigh den tír dhíola le go gcuirtear faisnéis chomhsheasmhach ar fáil do thomhaltóirí.

**Achomhairc**
Ní dhearnadh achomhairc chuig an mBord Achomhairc Athbhreithnithe Scannán le linn 2013. Chríochnaigh téarma oifige an Bhoird an 29 Aibreán 2013 agus tá ceapacháin nua le déanamh fós.

**Físchluichí**
Is mar atá sonraithe sa tuarascáil do 2012 an seasamh maidir le físchluichí.

Le linn 2013, scrúdaigh an IFCO 42 cluiche ar thug an Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí (PEGI) rátáil 18 dóibh chun comhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, a chinntiú. Is ag éirí leis atá an córas féinrialála sin go fóill. Mar sin féin, is gá feasacht níos fearr a chothú i measc an phobail ar an múnla sin.

**Treoirlínte**
D’fháiltigh na páirtithe leasmhara éagsúla roimh nuashonrú na dtreoirlínte a d’fhoilsíomar in 2012. Mar thoradh ar chineál na scannán agus na siamsaíochta baile, tá sé tábhachtach go leanaimid ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar leibhéil shásaimh le hobair an IFCO.

**Suirbhé Aicmithe Scannán - Dearcthaí Tuismitheoirí 2013**
Mar a cuireadh in iúl inár dTuarascáil do 2012, foilsíodh torthaí an chéad chomhairliúcháin a rinne an IFCO leis an bpobal i mbeagnach 10 mbliana i mbliana. Agus é maoirsithe ag David Power agus Mark Brennan, Aicmitheoirí Cúnta, dhírigh an staidéar taighde ar dhearcthaí i leith aicmiú scannán i measc tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí bunscoile agus tugadh faoin suirbhé in dhá chuid. Rinneadh suirbhé ar líne a dhearadh agus a dháileadh ar thuismitheoirí trí Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoile). I dteannta an tsuirbhé, cuireadh roinnt fócasghrúpaí ar siúl mar ar iarradh ar thuismitheoirí freagra a chur ar roinnt seichimh léiritheacha scannán chun comhthéacs a thabhairt do shaincheisteanna aicmithe nach mbeadh indéanta tríd an suirbhé.

IFCO

"Caint bhog agus tagairtí do ghnéas. Roinnt radhairc scanrúla."
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh The Secret Life of Walter Mitty ar shuíomh Gréasáin an IFCO)




The Secret Life of Walter Mitty
Stiúrthóir: Ben Stiller

PG

Is mar seo a leanas atá roinnt de phríomhthorthaí na tuarascála:

• Cúis imní thromchúiseach do thuismitheoirí is ea foréigean i ngach riocht.

• Is mó an imní faoi ábhar gnéasach ná ábhar drugaí. Tá sé sin spéisiúil go háirithe toisc go raibh i bhfad níos mó imní ar thuismitheoirí iar-bhunscoile faoi ábhar drugaí de réir shuirbhé 2004. Is féidir glacadh leis gurb iad na tarluithe an-bheag a bhaineann le drugaí i scannáin a rátáiltear 12A nó níos lú is cúis leis sin.

• Is í caint an ghné lena mbaineann an imní is ísle.

• Ba mhaith le formhór mór na dtuismitheoirí aicmithe an IFCO a fheiceáil roimh scannáin atá ar fáil do lucht féachana Éireannach ar an teilifís.

Dhear Niall Munroe doiciméad na Tuarascála agus tá sé ar fáil lena íoslódáil trí shuíomh Gréasáin an IFCO.

**Taighde Breise**
D'fhonn léargas níos iomláine a chur ar fáil ar athruithe ar thuairimí agus ar bhéim i measc ár mboinn tomhaltóirí, tá tionscadal taighde breise ar siúl agus, an uair seo, díríonn sé ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí leanaí ar aois iar-bhunscoile. Foilseofar torthaí an staidéir sin in 2014.

**Clár For-rochtana Scoileanna an IFCO**
Chun forbairt a dhéanamh ar an taighde sin, leathnaíomar ár rannpháirtíocht le scoileanna in 2013. Rinne David Power, Mark Brennan agus Dani McClafferty, Aicmitheoirí Cúnta, roinnt láithreoireachtaí closamhairc ar an láithreán i scoileanna. Ceapadh an láithreoireacht chun eolas a thabhairt do dhaltaí faoi stair an IFCO agus léargas a thabhairt ar na saincheisteanna éagsúla aicmithe agus conas a dhéileáiltear leo sa lá atá inniu ann. Is thar a bheith dearfach go dtí seo atá an t-aiseolas ó na scoileanna a ghlac páirt ann agus leanfar ar aghaidh leis an gClár Scoileanna agus leathnófar é sa bhliain 2014.

Chomh maith leis sin, thug an IFCO roinnt láithreoireachtaí idirghníomhacha do Mhic Léinn Tríú Leibhéal le linn na bliana.

**Suíomh Gréasáin an IFCO**
Bhí méadú 6 faoin gcéad ar líon na gcuairteoirí ar shuíomh Gréasáin an IFCO i gcomparáid le 2012 (lódáladh 437,294 leathanach san iomlán in 2013). Méadú é sin a gcuirtear fáilte roimhe agus táthar dóchasach go gcruthóidh taighde leanúnach agus cláir leanúnacha scoileanna an IFCO in 2014 tuilleadh tuisceana fós ar an suíomh mar áis luachmhar do thomhaltóirí.

“Cásanna contúirteacha a bhí dian, scanrúil agus marthanach. Íomhánna fuilteacha an-ghairid agus caint bhéal-láidir neamh-mhinic.”

(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Gravity ar shuíomh Gréasáin an IFCO)



Gravity

Stiúrthóir: Alfonso Cuarón

12A

## Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte

Tarchuireann an Oifig gearáin maidir le sáruithe ar fhorálacha an Achta um Scrúdóireacht Scannán, 1923, agus an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, chuig an nGarda Síochána lena n-imscrúdú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, féadfaidh Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann deimhnithe a eisiúint chun faisnéis áirithe a sholáthar is inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Ba é 48 an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh in 2012 a thaispeánann nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3) (b) maidir le saothair áirithe.

## Airgeadas

Is mar seo a leanas a bhí na táillí a ghearr an Oifig do dheimhniú scannán pictiúrlainne agus DVDanna/físeán agus d'eisiúint cheadúnas in 2013:

| | |
|---|---|
| Físeán | €1,269,224.16 |
| Scannán | €354,159.80 |
| Ceadúnais | €298,943.40 |
| Ilghnéitheach | €30.00 |

B'ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas thar ceann na Roinne in 2013 agus €1,922,357.36.



Philomena
Stiúrthóir: Stephen Frears

12A




Only God Forgives
Stiúrthóir: Nicolas Winding Refn

18



Starred Up
Stiúrthóir: David Mackenzie

16



Despicable Me 2
Stiúrthóir: Pierre Coffin, Chris Renaud

G

“Tagairtí láidre do ghnéas. Úsáid as drugaí agus tagairtí do dhrugaí atá achomair. Caint bhéal-láidir.”
(Comhairle thomhaltóirí do Anchorman 2: The Legend Continues ar shuíomh Gréasáin an IFCO)




Anchorman 2: The Legend Continues
Stiúrthóir: Adam McKay

I5A

# Deimhniú Scannán Pictiúrlainne


## Scannáin Phictiúrlainne a Deimhníodh 2013



| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 343 |
| Gearrscannáin | 1 |
| Blaisíní | 424 |
| **Iomlán** | **768** |

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| Príomhscannáin | 317 | 318 | 336 | 343 |
| Gearrscannáin | 5 | 5 | 2 | 1 |
| Blaisíní | 364 | 377 | 395 | 424 |
| **Iomlán** | **686** | **700** | **733** | **768** |

## Deimhnithe de réir Catagóire 2010 – 2013



| | |
|---|---|
| G | 24 |
| PG | 37 |
| 12A | 105 |
| 15A | 125 |
| 16 | 34 |
| 18 | 19 |
| **Iomlán** | **344** |

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| G | 23 | 37 | 27 | 24 |
| PG | 49 | 37 | 33 | 37 |
| 12A | 66 | 87 | 94 | 105 |
| 15A | 115 | 87 | 116 | 125 |
| 16 | 41 | 51 | 52 | 34 |
| 18 | 23 | 19 | 14 | 19 |
| **Iomlán** | **317** | **318** | **336** | **344** |

## Tír Thionscnaimh

| **Tír Thionscnaimh Aonair** | |
|---|---|
| An Bheilg | 3 |
| Ceanada | 3 |
| An Danmhairg | 1 |
| An Fhrainc | 10 |
| An India | 36 |
| Éire | 13 |
| An Iodáil | 1 |
| An tSeapáin | 4 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 2 |
| An Pholainn | 5 |
| An Chóiré Theas | 1 |
| An Spáinn | 2 |
| An tSualainn | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | 46 |
| SAM | 162 |
| **Iomlán** | **290** |

| **Multiple Country of Origin** | |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe/SAM | 11 |
| An Fhrainc/SAM | 3 |
| Éire/an Ríocht Aontaithe | 3 |
| SAM/an Ghearmáin | 3 |
| SAM/an Rúis | 2 |
| An Airgintín/an Spáinn/an Fhrainc | 1 |
| An Astráil/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| An Astráil/SAM | 1 |
| Ceanada/SAM | 1 |
| An tSile/SAM | 1 |
| An Danmhairg/an tSualainn/an Iodáil/an Fhrainc/an Ghearmáin | 1 |
| An Fhrainc/an Téalainn | 1 |
| An Ghearmáin/an Astráil/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| Éire/Ceanada | 1 |
| Éire/an Ghearmáin/an Fhrainc | 1 |
| Éire/Singeapór/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| Éire/an Ríocht Aontaithe/an Eilvéis/SAM | 1 |
| An Iodáil/an Fhrainc | 1 |
| An Rómáin/an Fhrainc/an Bheilg | 1 |
| An Araib Shádach/an Ghearmáin | 1 |
| An Spáinn/an Fhrainc | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/Fidsí | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Fhrainc/SAM | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Iodáil | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Afraic Theas | 1 |
| an Ríocht Aontaithe/SAM/an Astráil | 1 |
| SAM/an Bheilg | 1 |
| SAM/an Bhulgáir | 1 |
| SAM/an tSín | 1 |
| SAM/Poblacht na Seice/Éire | 1 |
| SAM/an Ghearmáin/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| SAM/an tSeapáin | 1 |
| SAM/Málta | 1 |
| SAM/an Nua-Shéalainn | 1 |
| SAM/an Ríocht Aontaithe/an Astráil | 1 |
| SAM/an Ríocht Aontaithe/Éire | 1 |
| SAM/an Ríocht Aontaithe/Catar | 1 |
| **Iomlán** | **54** |

IFCO

"Foréigean fuilteach láidir. Caint gharbh láidir agus tagairtí do ghnéas."
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Kick-Ass 2 ar shuíomh Gréasáin an IFCO)




Kick-Ass 2
Stiúrthóir: Jeff Wadlow

16

## Deimhniú Físeán/DVDanna

### Saothar DVD/Físeán a Deimhníodh de réir Catagóire in 2013




| | |
|---|---|
| G | 924 |
| PG | 817 |
| 12 | 1033 |
| 15 | 1317 |
| 18 | 245 |
| **Iomlán** | **4336** |

### Saothar DVD/Físeán a Deimhníodh de réir Catagóire 2010 - 2013

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| G | 1509 | 1353 | 1163 | 924 |
| PG | 1006 | 786 | 794 | 817 |
| 12 | 1256 | 1162 | 1137 | 1033 |
| 15 | 1758 | 1582 | 1692 | 1317 |
| 18 | 390 | 390 | 319 | 245 |
| **Iomlán** | **5919** | **5273** | **5105** | **4336** |

## Ceadúnais a Eisíodh in 2013

| | |
|---|---|
| Mórdhíol | 4 |
| Miondíol Feithicle | 2 |
| Miondíol | 1330 |
| **Iomlán** | **1336** |





From Up on Poppy Hill
Stiúrthóir: Goro Miyazaki
PG



Arbitrage
Stiúrthóir: Nicholas Jarecki
15A

IFCO

"Foréigean minic agus an-fhuilteach."

(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Django Unchained ar shuíomh Gréasáin an IFCO)



Django Unchained

Stiúrthóir: Quentin Tarantino

18

## Foireann

### An Stiúrthóir Aicmithe Scannán Gníomhach

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Gníomhach i mí na Nollag 2009, tar éis dó a bheith mar Leas-Stiúrthóir ó 2003. Rugadh i mBaile Chill Dara é agus is ann atá sé ina chónaí. Bhain sé Céim B. Comm. amach as UCD. Rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sells, agus bhí sé ag obair sa cháil sin sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Déanann sé ionadaíocht d'Éirinn ag Comhairle na nAicmitheoirí Scannán Eorpacha agus tá sé ina chomhalta freisin de Bhord Comhairliúcháin PEGI agus ar Bhord Achomhairc PEGI araon, an Córas Eorpach um Fhaisnéis Cluichí.

### Aicmitheoirí Cúnta Páirtaimseartha le linn 2013

Olga Bennett
Iar-Ionadaí Poiblí
Ceaptha 1993

Mark Brennan
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2004
Re-appointed 2011

Tom Fitzgerald
Iar-Ionadaí Poiblí
Ceaptha 2002

Mairead Marron
Comhairleoir/Síciteiripeoir
Ceaptha 1995

Dani McClafferty
Comhairleoir
Ceaptha 2012

David Power
Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2006
Re-appointed 2011

Tony Stapleton
Iar-Stiúrthóir Díolachán
Ceaptha 1993

Is í Mary Ita O'Sullivan Bainisteoir na hOifige, agus déanann sí maoirseacht ar fhoireann Státseirbhíseach.

www.ifco.ie

G PG 12A 15A 16 18

IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE